



Easpa uisce inólta

Nuacht TG4 (Leibhéal B1)

A: MACHNAMH

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus léigí na ceisteanna seo a leanas. Roghnaí gí na freagraí cearta.

1. Timpeall cé mhéad lítear uisce a úsáideann duine amháin in Éirinn sa lá?

- a) 100 b) 150 c) 200 d) 250

2. Tá 72% de dhromchla an domhain clúdaithe le huisce. Ach cé mhéad den mhéid sin atá inólta? Is é sin le rá, cé mhéad den mhéid sin is féidir le daoine a ól?

- a) 3% b) 5% c) 1% d) 10%

3. Cé chomh fada agus is féidir le duine a bheith beo gan uisce?

- a) 4 lá b) 2 lá c) 18 lá d) 9 lá

Féachaigí anois ar na bealaí ar fad a n-úsáideann ár gcoirp uisce. Tá abairt amháin bréagach. Cad é?

- ✓ Íslíonn sé teocht an choirp
- ✓ Coinníonn sé na súile, an tsrón agus an béal tais
- ✓ Cosnaíonn sé na horgáin
- ✓ Cuidíonn sé le héisteacht an duine
- ✓ Iompraíonn sé cothaitheigh (*nutrients*) agus ocsaigin go dtí na cealla
- ✓ Oibríonn sé mar ola sna hailt (*joints*)
- ✓ Cuidíonn sé le dramhaíl (*waste*) an choirp a ghlanadh amach

B: FOCLÓIR

Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

sciar	serious implications
mangainéis	share, portion
sconna	one-use
soláthar uisce	plastic bottles
a fhiuchadh	neighbourhood
i gcaitheamh an lae	water supply
impleachtaí tromchúiseacha	manganese
buidéil phlaisteacha	to boil
aonúsáide	during the day
comharsanacht	tap

Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo a leanas:

- Ní féidir uisce ón _____ a ól i gceantar Chois Fharraige.
- Ní leor an t-uisce _____ fiú.
- Tá _____ ag an uisce salach do ghnólachtaí.
- Tá impleachtaí móra ag úsáid na mbuidéal plaisteach _____ don timpeallacht freisin.
- Tá _____ maith de Chonamara Theas ag tarraingt uisce as tancanna.
- Bíonn ar na múinteoirí a mheabhrú do na leanaí óga a lámha a ní _____.
- Tá uisce curtha ar fáil sa* _____ ach is gá é a fhiuchadh. (*Bí cúramach! Leanann séimhiú **sa**.)
- D'fhógair Uisce Éireann go raibh _____ san uisce.
- Bíonn ar ghnólachtaí _____ a cheannach chun _____ glan a fháil.

C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachaigí ar na ráitis seo a leanas. An bhfuil siad fíor nó bréagach?

1. Tá foláireamh soláthair uisce i bhfeidhm ar fud Chonamara.
a. Fíor Bréagach
2. Barraíocht maignéisiam is cúis leis an rabhadh.
a. Fíor Bréagach
3. Tá muintir Ros an Mhíl ar buile mar nár cuireadh ar an eolas iad níos luaithe faoi fhadhb an uisce.
a. Fíor Bréagach
4. Caitheann an múinteoir bunscoile, Nóra Ní Ghríofa, an lá ar fad ag cur i gcuimhne do na páistí go gcaithfidh siad uisce as buidéal a úsáid.
a. Fíor Bréagach
5. Fiuchann Diarmuid Ó Mathúna na mílte lítear uisce gach lá chun sailéad agus mar sin de a ní.
a. Fíor Bréagach
6. D'fhógair Uisce Éireann le gairid gur féidir an t-uisce a ól anois.
a. Fíor Bréagach

Féachaigí ar an mír arís.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (ainmfhocal agus aidiacht)

- a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na samplaí thíos:

‘uisce glan’ ach ‘áit ghlan’

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht ‘glan’ tar éis an ainmfhocail ‘áit’ agus nach bhfuil tar éis an ainmfhocail ‘uisce’?

- b) Bainigí amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuirigí séimhiú ar na haidiachtaí más gá:

fear (cliste):	_____
bean (cliste):	_____
cóta (dearg):	_____
gloine (beag):	_____
iris (suimiúil):	_____
scéal (brónach):	_____

2: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite)

- a) Féach ar an sampla seo ón script:

‘D’fhógair Uisce Éireann go raibh leibhéal ard mangainéise san uisce’.

Cad is féidir leat a rá faoin mbriathar a bhfuil líne faoi sa sampla sin?

- b) Bain úsáid as na briathra seo a leanas chun fíorabairtí fút féin san aimsir chaite a scríobh: ith; ól; foghlaim agus féach.


E: CUMARSÁID

1: Caint

An gcaitheann tú an iomarca ama sa chithfholcadh gach maidin? An níonn tú do chuid éadaí rómhinic, fiú nuair nach mbíonn siad salach?

Déan machnamh ar an méid uisce a úsáideann tú sa lá. Labhair leis na daoine eile sa ghrúpa ansin agus déan cur síos ar na bealaí ar fud a n-úsáideann tú uisce sa lá agus ar cé chomh minic is a úsáideann tú é.

Mar shampla: *Bíonn cithfholcadh agam gach maidin.*



2: Scríobh

Cé go mbíonn fadhbanna leis an soláthar uisce in Éirinn anois is arís, ní féidir a rá go mbíonn deacracht againn teacht ar uisce go laethúil. Níl an scéal mar sin ar fud an domhain, áfach. Ní féidir le 1.1 billiún duine ar fud an domhain teacht ar uisce inólta sábháilte in aon chor . Agus bíonn sé deacair teacht ar uisce ag 2.7 billiún duine ar feadh míosa ar a laghad sa bhliain. Ba cheart dúinn machnamh a dhéanamh ar an méid uisce a úsáidimid gach lá. Scríobh síos na bealaí ar féidir linn an méid uisce a úsáidimid sa lá a laghdú. Is leor cúig phointe.

Mar shampla: *Caith níos lú ama sa chithfholcadh.*

AN SCRIPT

Eimear Ní Chonaola

Tá sciar maith de phobal Chonamara Theas fós ag tarraingt uisce as tancanna ó d'fhógair Uisce Éireann go raibh leibhéal ard mangainéise san uisce agus nár chóir uisce sa sconna a ól. Níl sonraí ar bith tugtha ag Uisce Éireann ó shin agus tá imní ar an bpobal anois go rachaidh an scéal i bhfad.

Donncha Ó Murchú

Tá rabhadh fós i bhfeidhm ag Uisce Éireann gan an t-uisce a ól ón sconna i gceantar Chois Fharráige, ón Spidéal chomh fada siar le Ros an Mhíl. Fógraíodh ar an séú lá déag de mhí Mheán Fómhair nach raibh sé sábháilte an t-uisce a úsáid mar gheall ar an leibhéal ard mangainéise atá ann.

Barry Ó Fátharta, Coiste Pobail Ros an Mhíl

Seo áit a bhfuil seandaoine, mar a déarfá. Tá sé an-deacair, i ndáiríre. Tá sé tugtha suas ar dhaoine sa gceantar nár cuireadh ar an eolas iad i bhfad níos tuisce agus creideann go leor daoine go raibh sé seo tarlaithe níos faide siar agus cén fáth nár chuir Uisce Éireann ar an eolas na daoine?

Donncha Ó Murchú

Tá tionchar ag na srianta uisce seo ar os cionn sé mhíle tigh¹ i gceantar Chois Fharráige agus 257 áit chónaithe in Inis Oírr. D'fhéadfadh an soláthar seo san uisce dochar mór a dhéanamh do shláinte leanaí óga– naíonáin, go háirithe. Agus tá sé ráite ag Uisce Éireann sa chás seo nach leor an t-uisce a fhiuchadh, go fiú.

Nóra Ní Ghríofa, Múinteoir Bunscoile

Bíonn lámha le níochán², bímid ag glanadh bord agus gach rud ar an gcaoi sin agus tá na gasúir chomh hóg agus bíonn orainn é a mheabhúrú dóibh i gcaitheamh an lae chomh tábhachtach is atá sé gan an t-uisce a ól agus chomh tábhachtach is atá sé na lámha a níochán le huisce atá sábháilte as buidéal agus is ceacht ann féin é sin, caithfidh mé a rá.

Donncha Ó Murchú

Chomh maith leis na himpleachtaí tromchúiseacha atá ag an uisce salach seo ar ghnólachtaí agus ar theaghlaigh áitiúla, tá tionchar aige leis ar an timpeallacht mar go mbíonn ar ghnólachtaí buidéal mhóra phlaisteacha mar seo a cheannach chun soláthar uisce glan a fháil. Do dhaoine nach mian leo buidéal phlaisteacha aonúsáide a cheannach ar mhaithe leis an timpeallacht, tá ualach mór oibre anuas orthu anois agus iad ag teacht ar a gcuid uisce.

Diarmuid Ó Mathúna, Úinéir, POTA Café

Cé go bhfuil uisce curtha ar fáil sa chomharsanacht gur gá é a fhiuchadh, ní leor sin, abair le sailéid agus rudaí mar sin. Ní fhéadfaimis a bheith ag fiuchadh agus ag fiuchadh, go háirithe leis na costais leictreachais atá ag dul suas agus ag dul suas. Mar sin, na himpleachtaí atá aige domsa, tá mé ag dul suas chuig áiteanna a bhfuil uisce glan slán acu agus ag tabhairt na gcéadta lítear, i ndáiríre, chun na háite, díreach le bheith in ann freastal ar mo chuid custaiméirí.

Donncha Ó Murchú

D'fhógair Uisce Éireann le déanaí go raibh feabhas áirithe tagtha ar an gcáilíocht uisce ach nár cheart é a ól go fóill. Lorgaíodh ráiteas ón gcomhlacht maidir leis an uair a chuirfí deireadh leis na srianta seo ach níl sonraí breise ar bith fógartha.

Donncha Ó Murchú, Nuacht TG4.

¹ tigh = leagan canúnach de 'teach'

² le níochán = leagan canúnach de 'le ní'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ina suí le chéile chun na ceisteanna a phlé le chéile. Léigh tríd na ceisteanna le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.

1 – b

2 – c

3 – a (Braitheann sé ar gach duine ar ndóigh. Bhí fear san Astráil a mhair ocht lá dhéag i gcillín póilíní gan aon uisce nuair a rinneadh dearmad air. Ach eisceacht é sin.)

Léigh trí na bealaí ar fad a n-úsáideann an corp uisce ansin le bheith cinnte go dtuigeann siad iad ar fad. Abair leo go gcaithfidh siad an abairt bhréagach a aimsiú (Cuidíonn sé le héisteacht an duine.)

B: FOCLÓIR

sciar – share, portion

mangainéis – manganese

sconna – tap

aonúsáide – one-use

soláthar uisce – water supply

a fhiuchadh – to boil

i gcaitheamh an lae – during the day

impleachtaí tromchúiseacha – serious implications

buidéil phlaisteacha – plastic bottles

comharsanacht – neighbourhood

- Ní féidir uisce ón **sconna** a ól i gceantar Chois Fharraige.
- Ní leor an t-uisce **a fhiuchadh** fiú.
- Tá **impleachtaí tromchúiseacha** ag an uisce salach do ghnólachtaí.
- Tá impleachtaí móra ag úsáid na mbuidéal plaisteach **aonúsáide** don timpeallacht freisin.
- Tá **sciar** maith de Chonamara Theas ag tarraingt uisce as tancanna.
- Bíonn ar na múinteoirí a mheabhrú do na leanaí óga a lámha a ní i **gcaitheamh an lae**.
- Tá uisce curtha ar fáil sa **chomharsanacht** ach is gá é a fhiuchadh.
- D'fhógair Uisce Éireann go raibh **mangainéis** san uisce.
- Bíonn ar ghnólachtaí **buidéil phlaisteacha** a cheannach chun **soláthar uisce** glan a fháil.

C: TUISCINT

1. Bréagach. Tá an foláireamh i bhfeidhm i gConamara Theas.
2. Bréagach. Barraíocht mangainéise is cúis leis. Ní hionann an dá mhianra.
3. Fíor.
4. Fíor.
5. Bréagach. Faigheann sé uisce glan in áit eile.
6. Bréagach. Tá cáilíocht an uisce níos fearr ach ní féidir é a ól fós.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an t-ainmfhocal agus an aidiacht)

- a) Cuirtear séimhiú ar aidiacht a leanann ainmfhocal baininsneach (áit ghlan). Ní chuirtear séimhiú ar aidiacht a leanann ainmfhocal firinsneach (uisce glan).
- b) Féach:
- fear cliste
 - bean chliste
 - cóta dearg
 - gloine bheag
 - iris shuimiúil
 - scéal brónach

2: Cruinneas gramadaí (na briathra)

- a) Tá an briathar ‘fógair’ san aimsir chaite. Cuirtear séimhiú ar fhréamh an bhriathar san aimsir chaite, má thosaíonn an briathar le consan, mar shampla, *ch*aith sí, *sh*uíil sé, *ch*eannaigh muid srl. Má thosaíonn an briathar le guta, cuirtear **d**’ roimhe, mar shampla, *d*’úsáid mé. Mar an gcéanna, má thosaíonn an briathar le **f**, cuirtear séimhiú air agus **d**’ roimhe, mar shampla, *d*’fhógair.
- b) Mar shampla:
- D’ith mé pizza ar an Satharn.
 - D’ól mé dhá chupán caife ar maidin.
 - D’fhoghlaim mé faoin Dara Cogadh Domhanda an bhliain seo caite.
 - D’fhéach mé ar scannán iontach aréir.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Tabhair cúpla nóiméad do na foghlaimoirí a gcuid smaointe a chur i gceann a chéile leo féin ar dtús. Tabhair deis dóibh ansin plé a dhéanamh i ngrúpaí faoin méid uisce a úsáideann siad ar bhonn laethúil.

2: Scríobh

Abair leo ansin cúig mholadh a scríobh maidir le conas is féidir an méid uisce a úsáidimid sa lá a laghdú.



Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscolaíochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeilge, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaelic, Sport and Media

